2024/2622

4.10.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2622 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2023/2419 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur leis an liosta san Iarscríbhinn sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí áirithe earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críocha talmhaíochta nó foraoiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor ([2]) na forálacha de dhlí an Aontais a bhfuil feidhm le bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

(2) Le Cinneadh Uimh. 2/2024 ón gComhchoiste ([3]), cuireadh Rialachán (AE) 2023/2419 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, faoi phointe 34 'Beatha – táirgí agus sláinteachas'. Tháinig Cinneadh Uimh. 2/2024 i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2023/1231 leagtar síos rialacha sonracha a bhaineann le coinsíneachtaí áirithe d'earraí miondíola a teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, lena gcur ar an margadh i dTuaisceart Éireann don tomhaltóir deiridh. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin liostaítear forálacha dhlí an Aontais nach bhfuil feidhm le bheith acu maidir le coinsíneachtaí d'earraí miondíola a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe lena gcur ar an margadh i dTuaisceart Éireann.

(4) Agus an fhreagracht atá ar an Ríocht Aontaithe an tsláinte phoiblí agus tomhaltóirí i dTuaisceart Éireann a chosaint i ndáil le earraí miondíola a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe á cur san áireamh, ba cheart Rialachán (AE) 2023/2419, i bhfianaise a bhfuil ann, a chur leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1231.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1231 a leasú dá réir.

(6) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ón 17 Bealtaine 2024,

([1]) IO L 165, 29.6.2023, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1231/oj.

([2]) Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

([3]) Cinneadh Uimh. 2/2024 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 16 Bealtaine 2024 lena gcuirtear gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, [nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil].

([4]) Rialachán (AE) 2023/2419 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le lipéadú bia peataí orgánaigh (IO L, 2023/2419, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2419/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1231, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘68. *Rialachán (AE) 2023/2419 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le lipéadú bia peataí orgánaigh (*)

_____

(*) IO L, 2023/2419, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2419/oj.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Bealtaine 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN